



An Bhruiséil, 18 Iúil 2025
(OR. en)

11757/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0235 (COD)

PECHE 223

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Iúil 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 559 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais Eorpaigh don Chomhbheartas lascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais mar chuid den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [Ciste CNR] don tréimhse 2028 go 2034

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 559 final.

Faoi iamh: COM(2025) 559 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 559 final

2025/0235 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais Eorpaigh don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais mar chuid den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [Ciste CNR] don tréimhse 2028 go 2034

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

An 16 Iúil 2025 ghlac an Coimisiún togra don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil ('CAI') eile don tréimhse 2028-2034. Áirítear leis sin tacaíocht do chur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais mar chuid den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (an Ciste).

Is príomhchumasóir é an cistiú sin le haghaidh na hathnuachana ó ghlúin go glúin agus aistriú fuinnimh iascaigh, gníomhaíochtaí dobharshaothraithe inbhuanaithe, agus próiseáil agus margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, geilleagar gorm inbhuanaithe i limistéir chósta, oileáin agus intíre, eolas muirí, oiliúint maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngeilleagar gorm, athléimneacht na bpobal cósta agus go háirithe iascaireacht chósta ar mionscála, neartú rialachas agus fhaire idirnáisiúnta na n-aigéan agus é a dhéanamh indéanta go mbeadh na farraigí agus an t-aigéan sábháilte, slán agus glan agus go ndéanfaí bainistiú inbhuanaithe orthu.

Leis an gCiste, rannchuideofar le cur chun feidhme an CBI dá dtagraítear in Airteagal 43(2) CFAE, agus Airteagal 2 de Rialachán CBI chomh maith leis na gníomhaíochtaí a leagtar síos faoin gComhshocrú Eorpach um an Aigéan.

Mar ghníomhaí domhanda aigéin agus an cúigiú táirgeoir bia mara is mó ar domhan, tá freagracht mhór ar an Aontas na haigéin agus a n-acmhainní a chosaint, a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe.

Thairis sin, tá farraigí agus aigéin shábháilte shlána riachtanach le haghaidh rialú teorann éifeachtach agus an chomhraic dhomhanda in aghaidh na coireachta muirí, agus, dá réir sin, tugtar aghaidh ar ábhair imní na saoránach maidir le slándáil.

• Comhsheasmhacht maidir le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Beidh an CBI, an Comhshocrú Eorpach um an Aigéan, Rialachán maidir le beartas muirí agus dobharshaothrá ag feidhmiú laistigh den Phlean Comhpháirtíochtaí Náisiúnta agus Réigiúnaí (Plean CNR) agus den aon leabhar rialacha a ghabhann leis. Cuirfidh sé le hinfheictheacht agus éifeachtacht CEMID, an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe lena gcuidítear le hiascach inbhuanaithe a bhaint amach agus acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú. Cuidítear freisin Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 na Náisiún Aontaithe a bhaint amach ('na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe'), a bhfuil an tAontas Eorpach tiomanta di. Dá bhrí sin, cé go bhfuil siad nasctha go dlúth le Plean CNR, coinneofar ar bun bunús dlí neamhspleách an CBI, an Chomhshocráithe Eorpaigh um an Aigéan, an bheartais mhuirí agus dobharshaothraithe mar a leagtar amach in Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Braitheann cur chun feidhme éifeachtúil agus éifeachtach na ngníomhaíochtaí, a dtacaítear leo le Plean CNR, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iascaigh agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aigéan, ar dhea-rialachas agus ar chomhpháirtíocht idir gníomhaithe go léir na hearnála, agus úsáid éifeachtach á baint as an tacaíocht chun aistriú fuinnimh na hearnála a threorú sna blianta amach romhainn an tráth céanna, agus ról ríthábhachtach na n-aigéan agus a n-éiceachóras á aithint maidir le seirbhísí a sholáthar lasmuigh d'earnáil an iascaigh — inar cheart feidhmeanna mar linn charbóin a aithint agus a fheabhsú go maith.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is é is aidhm don CBI, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan, do na beartais mhuirí agus dobharshaothraithe feabhas a chur ar shineirgí agus ar chomhleanúnachas le bearta eile lena rannchuidítear leis an tslándáil bia, le caomhnú agus le hathchóiriú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras uisceach, agus le gach gné den Aigéan faoin gComhpháirtíocht Náisiúnta agus Réigiúnaí (Plean CNR), go háirithe faoi chuimsiú an bheartais chomhtháthaithe, tacaíocht don bheartas talmhaíochta, chomh maith leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas agus leis an gCiste don Eoraip Dhomhanda. Baineann na comhlántachtaí idir na beartais a chumhdaítear faoin Rialachán seo den chuid is mó le hinfheistíochtaí maidir leis an tacaíocht do phobail chósta, leis an tacaíocht do scileanna, oiliúint, dálaí oibre agus mealltacht na hearnála.

Tá an togra seo comhsheasmhach freisin le cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta a mhéid a bhaineann le bia a sholáthar agus cuireann sé go mór leis na huaillmhianta uileghabhálacha maidir le slándáil bia, lena gcoinnítear ar bun margadh inmheánach a fheidhmíonn go maith do tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus don inbhuanaitheacht (Comheagrú na Margaí Talmhaíochta, cosúil leis an talmhaíocht). Maidir le forbairt tuaithe, is féidir sineirgí agus forluí a bheith ann nuair a bhíonn gníomhaíochtaí dobharshaothraithe agus/nó limistéir chósta i gceist, ach bíonn an tacaíocht sin fós teoranta agus tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun na sineirgí sin a threisiú.

Tá an togra agus a chuspóirí comhsheasmhach le beartais an Aontais, go háirithe beartais chomhshaoil, aeráide, chomhtháthaithe, talmhaíochta, shóisialta, mhargaidh agus trádála.

Tá an togra seo comhsheasmhach leis na tionscnaimh a leagtar amach sa Chomhshocrú Aigéin mar chur chuige comhtháite i leith cistiú agus beartais atá ábhartha don aigéan lena gcumhdaítear raon leathan gnéithe: caomhnú acmhainní bithéolaíocha na mara mar cheann de chúig inniúlacht eisiacha an Aontais, athchóiriú na bithéagsúlachta mhuirí, bainistiú an iascaigh agus gníomhaíochtaí dobharshaothraithe inbhuanaithe agus nuálaíocht iontu, na gníomhaíochtaí maidir le cur chun feidhme CBI, eolas ar na haigéin, slándáil mhuirí, slándáil bia, geilleagar gorm iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt agus a mhéadú, lena n-áirítear fuinneamh amach ón gcósta agus fuinneamh aigéin, bith-theicneolaíocht agus díshalannú, oidhreacht chultúrtha faoi uisce a chosaint, tacú le hearnálacha agus tionscail eile an gheilleagair ghoirm a bheith aeráidneodrach, réitigh chliste a chur in úsáid, chomh maith le tacú le pleanáil spásúil mhuirí.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 42, Airteagal 43(2), Airteagal 91(1), Airteagal 100(2), Airteagal 173(3), Airteagal 175, Airteagal 188, Airteagal 192(1), Airteagal 194(2), Airteagal 195(2) agus Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Go háirithe:

Le hAirteagal 38 agus Airteagal 43(2) CFAE, cumhachtaítear an tAontas le Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus Comhbheartas Iascaigh (CBI) a chur chun feidhme. In Airteagal 39 CFAE leagtar amach cuspóirí an CBT, lena n-áirítear táirgiúlacht talmhaíochta a mhéadú, caighdeán cóir maireachtála don phobal talmhaíochta, margaí a chobhsú, infhaighteacht soláthairtí a áirithiú agus a áirithiú go gcuirtear na soláthairtí sin ar fáil do thomhaltóirí ar phraghsanna réasúnta. Le hAirteagal 42 CFAE cuirtear ar a chumas don Aontas a shocrú a mhéid a bhaineann rialacha an Aontais maidir le hiomaíocht agus státchabhair le táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE.

In Airteagal 175 CFAE liostaítear na Cistí Struchtúracha, lena dtacófar le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus teorann a bhaint amach – an Ciste Eorpach um Threoraíocht agus

Ráthaíocht Talmhaíochta, an Rannóg Treoraíochta; Ciste Sóisialta na hEorpa; Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Foráiltear le hAirteagal 177 CFAE go ‘sainmhíneoidh Parlaimint na hEorpa agus Comhairle na hEorpa [...] cúraimí, cuspóirí tosaíochta agus eagrú na gCistí Struchtúracha, a bhféadfaidh grúpáil na gCistí a bheith i gceist leis.’

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Mar inniúlacht eisiach de chuid an Aontais, cuireann caomhnú na n-acmhainní mara freagracht ar an Aontas maidir le ceapadh beartas agus maoiniú. Cuirtear chun feidhme forálacha an togra faoi chuimsiú chreataí na bainistíochta comhroinnte, na bainistíochta díri agus na bainistíochta indíri, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Tá an CBI, an Comhshocrú Eorpach um an Aigéan, an Rialachán muirí agus dobharshaothraithe bunaithe ar phrionsabal na coimhdeachta. Faoi bhainistíocht chomhroinnte, tarmligeann an Coimisiún cúraimí straitéiseacha clársceidealúcháin agus cur chun feidhme chuig Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus chuig na réigiúin. Déantar gníomhaíocht an Aontais a theorannú freisin, don mhéid is gá chun a chuspóirí a bhaint amach mar a leagtar síos sna Conarthaí iad. Is é is aidhm don bhainistíocht chomhroinnte a áirithiú go ndéantar cinntí ar leibhéal chomh gar don saoránach agus is féidir agus go bhfuil údar cuí le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, i bhfianaise na bhféidearthachtaí agus na saintréithe ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Leis an mbainistíocht chomhroinnte, tugtar an Eoraip níos gaire dá saoránaigh agus nasctar riachtanais áitiúla le cuspóirí Eorpacha. Thairis sin, méadaítear seilbh ar chuspóirí an Aontais, toisc go roinneann na Ballstáit agus an Coimisiún an chumhacht chun cinntí a dhéanamh agus freagrachtaí.

- **Comhréireacht**

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an Rialachán atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach a luaitear faoi Rialachán (AE) atá beartaithe [...] maidir le Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

Leis na forálacha atá beartaithe, comhlíontar prionsabal na comhréireachta mar tá siad iomchuí, riachtanach agus níl aon bhearta eile nach bhfuil chomh sriantach céanna ar fáil chun cuspóirí inmhianaithe an bheartais a bhaint amach.

Is é is aidhm don togra iarrachtaí simplithe a rinneadh roimhe sin a fheabhsú, trí rialacha a chomhaontú agus a chomhdhlúthú a thuilleadh.

- **An rogha ionstraim**

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun na coinníollacha a shuí do CBI, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan, don bheartas muirí agus dobharshaothraithe. Ba cheart an Ciste a bheidh ann amach anseo leanúint de bheith ar an bpríomhionstraim chun maoiniú a chur ar fáil chun tacú le cur chun feidhme agus cur i gcrích uaillmhianach faoin CBI, ag leanúint den spreagadh chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach go nithiúil, laistigh den Aontas Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. Is bunchloch é an CBI, mar cheann de na 5 bheartas eisiacha de chuid an Aontais: is léir go bhfuil an meascán dá chreat rialála, mar aon le tacaíocht don aistriú, éifeachtach maidir le stoic éisc a choinneáil ar bun nó iad a thabhairt ar ais chuig leibhéal shláintiúla – go háirithe i gcás ina bhfuil an dul chun cinn níos moille – agus chun dobharshaothrú inbhuanaithe a chur chun cinn. Mar inniúlacht eisiach de chuid an Aontais, cuireann caomhnú na n-acmhainní mara freagracht ar an Aontas maidir le ceapadh beartas agus maoiniú. Chuige sin, beidh gá le tacaíocht leanúnach chun foráil a dhéanamh maidir leis an mbonn fianaise le bearta caomhnaithe agus bainistiú stoc éisc, bailiú sonraí, agus soláthar comhairle agus eolais eolaíoch, agus chun rannchuidiú le cur chun feidhme an Rialacháin athbhreithnithe um Rialú freisin. Toisc gur gnáthrud iad seachtrachtaí diúltacha agus tosca comhshaoil luaineacha in

earnáil an iascaigh, tá sé an-tábhachtach go mbeidh na hacmhainní airgeadais cearta i bhfeidhm chun tacú leis an oiriúnú nuair is gá, chomh maith le pleanáil níos straitéisí a chur ar fáil ó thaobh nuálaíochta de agus an clár oibre inbhuanaitheachta don iascach agus don dobharshaothrú a chur chun cinn. Caithfear é sin a threorú agus tacú leis i gceart. Is cuid lárnach de tháirgeadh bia an Aontais Eorpaigh é an t-iascach agus an dobharshaothrú.

Tá an Limistéar Eacnamaíoch Eisiach is mó ar domhan ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh le chéile; tá dualgas orainn agus deis againn a bheith ar thús cadhnaíochta. Dá bhrí sin, caithfimid ár bpríomhuaillmhianacha agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn lasmuigh den Eoraip. Sin an fáth a dteastaíonn cistiú leanúnach uainn chun an comhar idirnáisiúnta a mhaoiniú: Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna), agus Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna), lena gcruthaítear na luamhain iomchuí agus na torthaí cumasúcháin iomchuí chomh maith le hardchaighdeáin dhomhanda a chur chun cinn agus clár oibre an Aontais Eorpaigh maidir le rialachas na n-aigéan a chur chun cinn. Is iad pobail chósta an Aontais Eorpaigh is mó atá neamhchosanta agus is leochailí i leith an athraithe aeráide, agus dá bharr sin tá ár dtacaíocht agus ár dtreoir ag teastáil uathu — tá athléimneacht chósta agus shóisialta ríthábhachtach (go háirithe ó thaobh maolú ar an athrú aeráide/oiriúnú don athrú aeráide). Tá riachtanais choiteanna ag gnólachtaí a fheidhmíonn sa gheilleagar gorm, bíodh sin san earnáil iompair, fuinnimh, nó turasóireachta.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

De réir réamh-thorthaí na meastóireachta *ex post* ar Rialachán CEMI (2014-2020) agus na meastóireachta lár téarma ar Rialachán CEMID (2021-2027) bhí tionchair dhearfacha ag cistí ón Aontas a bhí ann roimhe seo, a díriodh ar réimsí comhchosúla tacaíochta, ar earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe, rannchuidíodh le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh leo, lena n-áirítear caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara, go háirithe trí fheabhsuithe ar rialú agus forfheidhmiú iascaigh, chomh maith le bailiú sonraí. Rinneadh rannchuidiú dearfach leo freisin leis an mbeartas muirí, Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan agus forbairt na bpobal cósta agus an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí an Coimisiún ag plé go gníomhach leis na páirtithe leasmhara i bpróiseas an tionscnaimh, go háirithe trí imeachtaí tiomnaithe agus gníomhaíochtaí comhairliúcháin phoiblí, mar a shonraítear sa chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] le haghaidh Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tugtar eolas faoin úsáid a bhain an Coimisiún as saineolas seachtrach sa chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] le haghaidh Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

- **Measúnú tionchair**

Tugtar eolas faoi Mheasúnú Tionchair an Choimisiúin sa chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] le haghaidh Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Meastar, mar thoradh ar an togra, go rannchuideofar le laghdú mór ar an ualach agus ar na costais riaracháin, agus le héifeachtúlacht fheabhsaithe chomh maith i gcur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas, féach freisin an chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] le haghaidh Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

- **Ceartha bunúsacha**

Cuirfear tacaíocht ón Aontas chun feidhme i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le prionsabal an smachta reachta, mar a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, féach freisin an roinn chomhfhreagrach i meabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) (Rialachán CNR).

Mar aon leis an Rialachán maidir le Coinníollacht a mbeidh feidhm aige i gcónaí ar bhuiséad iomlán an Aontais, áirítear sa Rialachán seo coimircí láidre chun a áirithiú go gcuirfear na cistí chun feidhme i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le prionsabail an smachta reachta, mar a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092. De bharr chuimsiú na n-athchóirithe sna Pleananna a bheidh ann amach anseo atá nasctha, *inter alia*, le moltaí ón Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta, meastar freisin go bhfeabhsófar cosaint na gceart bunúsach agus go neartófar comhlíonadh na Cairte.

Sa tionscnamh seo, léireofar meas freisin ar phrionsabail Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta daoine faoi mhíchumas.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

/

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirfear chun feidhme an tacaíocht ón Aontas faoin tionscnamh seo trí bhainistíocht chomhroinnte ag na Ballstáit agus bainistíocht dhíreach/indíreach ag an gCoimisiún. Déanfar faireachán ar chur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas tríd an gcreat feidhmíochta is infheidhme maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034, a leagtar amach sa togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] [Creat feidhmíochta]

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Tá formhór na rialacha seachadta agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht do chur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh, an Chomhshocraithe Eorpaigh um an Aigéan agus an bheartais mhuirí agus dobharshaothraithe mar chuid den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí cumhdaithe i Rialachán (AE) [Rialachán CNR].

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

/

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais Eorpaigh don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais mar chuid den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [Ciste CNR] don tréimhse 2028 go 2034

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42, Airteagal 43(2), Airteagal 91(1), Airteagal 100(2), Airteagal 173(3), Airteagal 175, Airteagal 188, Airteagal 192(1), Airteagal 194(2), Airteagal 195(2) agus Airteagal 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cuirfear an tacaíocht sin ón Aontas ar fáil faoin gCiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear an Ciste sin agus a leagtar amach i [Rialachán (AE) [Ciste CNR].
- (2) Leis an tacaíocht ón Aontas, rannchuideofar freisin leis na gníomhaíochtaí mar a leagtar amach sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus rannchuideofar le cuspóir an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht ár n-aigéin, agus ár sprioc aeráidneodrachta, iomaíochas agus athléimneacht earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais, inbhuanaitheacht, athléimneacht agus iomaíochas gheilleagar gorm na hEorpa, athléimneacht na bpobal cósta agus oileáin, chomh maith leis na réigiúin is forimeallaí, agus feabhsú rialachas na n-aigéan agus fhaire na n-aigéan, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí *Copernicus*, trí chlár an Aontais Faire na Cruinne agus trí na seirbhísí dá chuid a bhaineann leis an bhfarraige.
- (3) Ba cheart an Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a bheith ina rannchuidiú le cuspóirí comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) a bhaint amach, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³. Leis

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE)

an tacaíocht sin ba cheart a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe san fhadtearma agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán CBI.

- (4) Ní mór tacú leis na tionscnaimh a leagtar amach faoin gComhshocrú Eorpach um an Aigéan agus iad a chur chun cinn le hinfheistíochtaí agus cistiú ó fhoinsí príobháideacha agus poiblí. Cumhdófar réimse leathan gnéithe le cur chuige comhtháite i leith cistiú agus beartais atá ábhartha don aigéan, mar shampla: caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara mar cheann de chúig inniúlacht eisiacha an Aontais Eorpaigh, caomhnú agus athchóiriú na bithéagsúlachta muirí, bainistiú agus nuálaíocht i ngníomhaíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe, atá dírithe ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht na n-earnálacha sin, na gníomhaíochtaí maidir le CBI a chur chun feidhme, athnuachan glúine, eolas agus faire ar na haigéin, slándáil mhuirí, slándáil bia, geilleagar gorm iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt agus a mhéadú, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, fuinneamh amach ón gcósta agus aigéin, bith-theicneolaíocht agus díshalannú, an oidhreacht chultúrtha faoi uisce agus an oidhreacht chultúrtha chósta a chosaint, tacú le hearnálacha agus tionscail eile an gheilleagair ghoirm a bheith aeráidneodrach, réitigh chliste agus saor ó astaíochtaí a chur in úsáid, tógáil ar an eolaíocht agus ar an Straitéis Taighde agus Nuálaíochta um na hAigéin, chomh maith le tacaíocht do phleanáil spásúil mhuirí agus do chomhar réigiúnach muirí ar leibhéal an imchuach farraige, chomh maith le forbairt chríochach inbhuanaithe athléimneach na bpobal cósta, na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí.
- (5) Soithí iascaireachta muirí agus intíre ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán agus nach n-úsáideann trealamh iascaireachta tarraingthe, agus iascairí de chois, lena n-áirítear bailitheoirí sliogéisc, a dhéanann iascaireacht chósta ar mionscála. Cuimsítear leis an earnáil sin beagnach 75 % de na soithí iascaireachta ar fad atá cláraithe san Aontas agus beagnach leath den fhostaíocht ar fad in earnáil an iascaigh agus is cuid thábhachtach í de chreatlach eacnamaíoch na limistéar cósta. Bíonn oibreoirí ó iascaigh chósta ar mionscála ag brath go háirithe ar stoic shláintiúla éisc mar phríomhfhoinsí ioncaim. Dá bhrí sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais ar leith na hiascaireachta cósta ar mionscála, agus ar an rannchuidiú le hinbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta oibríochtaí iascaireachta, mar a shainítear i Rialachán CBI 1380/2013 sna Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (CNR), mar a leagtar amach in Airteagal 22 de [Rialachán CNR].
- (6) Agus é mar aidhm acu an cleachtas iascaireachta inbhuanaithe a spreagadh, ba cheart do na Ballstáit é a bheith mar aidhm acu cóir fhabhrach a thabhairt d'oibreoirí ó iascaigh chósta ar mionscála, trí ráta déine cabhrach uasta 100 %.
- (7) Ba cheart do na Ballstáit na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan a chur san áireamh ina bPlean CNR, maidir le caomhnú agus athchóiriú acmhainní bitheolaíocha na mara, athchóiriú na bithéagsúlachta muirí, bainistiú gníomhaíochtaí inbhuanaithe iascaigh agus dobharshaothraithe agus nuálaíocht sna gníomhaíochtaí sin, ag tógáil ar réitigh nuálacha arna dtáirgeadh ag taighde agus eolaíocht, slándáil mhuirí, geilleagar gorm iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt, pobail chósta agus oileáin a chosaint agus a chumhachtú agus comhar réigiúnach muirí a chur chun cinn ar leibhéal an imchuach farraige.

Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj>).

- (8) Ba cheart é a bheith indéanta tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascach, le dobharshaothrá agus leis an ngeilleagar gorm, a rannchuidíonn le baint amach chuspóirí comhshaoil an Aontais agus chuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, lena n-áirítear an t-aistriú fuinnimh le haghaidh na n-earnálacha uile.
- (9) Tá Comheagrú na Margaí Talmhaíochta (CEM) do tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, ina phríomhcholún de chuid an Chomhbheartais Iascaigh, agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le cobhsaíocht agus trédhearcacht mhargaí iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais a áirithiú. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit tacaíocht san áireamh ina bPlean CNR, go háirithe tacaíocht do bhunú agus neartú Eagraíochtaí Táirgeoirí, cur chun feidhme agus forfheidhmiú caighdeán margaíochta, agus bailiú agus scaipeadh sonraí margaidh ar an leibhéal náisiúnta.
- (10) Tá an Chomhbheartas Iascaigh bunaithe ar chinnteoireacht eolaíochtbhunaithe agus ar chomhlíonadh rialuithe leormhaithe agus ní ghlactar ann le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte. Ba cheart tacú leis na Ballstáit reachtaíocht chomhfhreagrach an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme agus a áirithiú go mbíonn na gníomhaíochtaí sna réimsí sin pleanáilte.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos coinníollacha sonracha chun tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán XX [Ciste CNR], agus go háirithe pointe (d) de. Leis an tacaíocht ón Aontas, rannchuideofar leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh.

Cuirfear an tacaíocht sin ón Aontas ar fáil faoin gCiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, lena n-áirítear an tSaoráid AE, i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear an Ciste sin agus a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] [Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí].

Airteagal 2

Tacaíocht don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais

1. Leis an tacaíocht don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais, tacófar leis na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 2(d) de [Rialachán CNR].

Airteagal 3

Tacaíocht don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas mairí agus dobharshaothraithe an Aontais

1. Cuirfidh na Ballstáit riachtanais shonracha an iascaigh, an dobharshaothraithe agus na bpobal cósta, agus na hiascaireachta cósta ar mionscála go háirithe, san áireamh ina bplean CNR, i gcomhréir le hAirteagal 22 (2) (i) de [Rialachán CNR].
2. Cuirfidh na Ballstáit an rannchuidiú le hinbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta oibríochtaí iascaireachta agus an chothromaíocht idir acmhainneacht iascaireachta na gcabhlach agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil san áireamh ina bPlean CNR, arna dtuairisciú ag na Ballstáit go bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh 1380/2013.
3. Leagfaidh na Ballstáit amach ina bPlean CNR na rátaí déine cabhrach uasta le haghaidh na gcatagóirí difriúla oibríochtaí a dtacaítear leo faoin bPlean CNR. Maidir le hoibríochtaí a bhaineann le hiascaireacht chósta ar mionscála, is féidir leis na Ballstáit ráta déine cabhrach uasta 100 % a dheonú.
4. Beidh an t-iarratas ar thacaíocht a chuireann an t-iarratasóir isteach neamh-inghlactha ar feadh na tréimhse ama a shainítear sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal XX de Rialachán XX ar a laghad [Ciste NRP] (Córas rialúcháin le haghaidh maoirseacht feirme agus an Chomhbheartais Iascaigh) más rud é gur chinn an t-údarás inniúil an méid seo a leanas maidir leis an iarratasóir lena mbaineann:
 - (a) go ndearna sé sáruithe tromchúiseacha faoi Airteagal 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008⁽³⁰⁾ ón gComhairle nó faoi Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 nó faoi reachtaíocht eile a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle faoi chuimsiú CBI;
 - (b) go raibh sé páirteach in oibriú, i mbainistiú nó in úinéireacht soithigh iascaireachta atá ar áireamh i liosta soithí NNN an Aontais a leagtar amach in Airteagal 40(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 nó soithigh a bhfuil bratach tíortha a shainaithnítear mar thríú tíortha neamh-chomhoibritheacha, mar a leagtar amach in Airteagal 33 den Rialachán sin, ar foluain aici; nó
 - (c) go ndearna sé aon cheann de na cionta comhshaoil a leagtar amach in Airteagail 3 agus 4 de Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³¹⁾, i gcás ina ndéantar an t-iarratas ar thacaíocht a thíolacadh le haghaidh idirghabhálacha sonracha dobharshaothraithe.

Chun críocha an fhíoraithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír (a) den mhír seo, cuirfidh Ballstát ar fáil, arna iarraidh sin do Bhallstát eile, an fhaisnéis atá ina chlár náisiúnta de sháruithe dá dtagraítear in Airteagal 93 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 4

Rialacha chun tacaíocht a thabhairt

1. Ní thabharfar tacaíocht don chabhlach iascaireachta ná d'oibreoirí nach gcomhlíonann comhaontú EDT maidir le fóirdheontais iascaigh agus cuspóirí CBI dá dtagraítear in Airteagal 43(2) CFAE agus in Airteagal 2 de Rialachán CBI.

2. Beidh ceanglas ar thairbhithe an CBI a chomhlíonadh i gcónaí agus gan aon sárú ná coir a liostaítear in Airteagal 3 (4) pointí (a) go (c) a dhéanamh laistigh de 5 bliana.
3. Níl aistriú soithí iascaireachta go tríú tíortha, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chomhfhiontair a chruthú le comhpháirtithe tríú tíortha agus aistriú úinéireacht gnólachta, i dteideal tacaíocht a fháil.
4. Ní thacófar le mianadóireacht domhainfharraige.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí don tréimhse 2028-2034.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán